


Seosamh Ó Dálaigh: Máistir i mBun a Cheirde
Pádraig Ó Héalaí

Nuair a thosaigh Seosamh Ó Dálaigh (1909–1992) ag obair mar bhailitheoir lánaimseartha do Choimisiún Béaloideas Éireann, 1 Lúnasa 1936, níorbh ionadach dá gceapfadach a lucht aitheantais gur chuí agus gur shásúil mar shlí bheatha dó é. Bhí a óige caite aige faoi scáth an bhéaloidis agus é ag fás aníos i nDún Chaoin, áit ar chuid shuntasach de shaol an phobail é an béaloideas: bhí na seanscéalta agus réimsí eile den traidisiún béal go fairising ann, go háirithe ag an seandream, agus aird ar sheantuiscintí agus ar nósanna na sinsear. Bhí spéis faoi leith ag a athair féin i dtraidisiún an cheantair agus tuairisc tugtha aige air in dhá leabhar a d'fhoilsigh sé faoin ainm cleite 'Common Noun', *Clocha Sgáil* (1930) agus *Timcheall Chinn Sléibhe* (1933). Bhí mórán seanchais ag a mháthair agus áiríodh í mar bhean a bhí ábalta ar scéal a insint 'go binn beacht'.¹ Mar sin féin, is de thaisme a tharla agus é ina mhúinteoir óg, cáilithe le ceithre bliana, ag fanacht ar thairisicint ar phost buan i mbunscoil, gur casadh Stiúrthóir an Choimisiúin, Séamus Ó Duilearga, air i nDún Chaoin, agus is ón teagmháil chinniúnach sin a d'eascair a cheapachán mar bhailitheoir.² Lean sé le gnó an bhailiúcháin go Lá na Marbh 1951.



Ina cheantar dúchais iniarthar Dhuibhneach a chaith sé an chuid is mó dá théarma, ach chaith sé tréimhsí freisin i mbun bhaillícháin iniarthar Chorcaí, sa Rinn, i dTiobraid Áirinn, in Uíbh Ráthach, i gCiarraí Thuaidh, iniarthar Luimnigh, agus fiú thug sé deich lá ag báiliú óna 'coilínigh' a d'aistrigh ó Chorca Dhuibhne go Co. na Mí i 1937. Ba pholasáí ciallmhar ag an gCoimisiún é a mbailitheoirí a chur ag obair go príomha ina gceantair féin, agus níl aon bhaol ná go raibh fómhar breá fiúntach béaloidis le baint ag Joe, (mar a thugtaí go coitianta air), i measc a chomhsarsana i nDún Chaoin agus sna paróistí máguaird. Ar na daoine sa cheantar sin ónar bhailligh sé 'éacht béaloidis', mar a dúirt sé féin (CBÉ 1045: 163–4), bhí Peats Dhónaill Ó Cíobháin, i mBaile na nGall, Maitíú Gromail ón Muirígh agus Seán Criomhthain i gCill Maolchéadair. Bhí scéalaí amháin, áfach, a raibh meas faoi leith aige uirthi agus ónar thóg sé i bhfad níos mó ábhair (lán 3,200 lch) ná ó aon duine eile, agus b'in í Peig Sayers. Bhí treoir chruinn faigte aige ó Shéamus Ó Duilearga bhaillíchán cuimsitheach dá cuid seanchais

Seosamh Ó Dálaigh ag báiliú ó Cháit agus ó Mháire Ruiséal, Dún Chaoin, Co. Chiarrai, Granghraf: Tomás Ó Muircheartaigh, c. 1952



Peig Sayers, Dún Chaoin,
Co. Chiarráí. Grianghraif:
Caoimhín Ó Danachair, c. 1947

siúd a dhéanamh. Fuair sé deis ar sin tar éis do Pheig aistriú ón mBlascaod go dtí an míntír i 1942, agus fiú má bhí iarracht de scáth air roimpi ar dtús ar mhéid a cáil mar scéalai, mar a d'admhaigh sé féin, níorbh fhada gur fhás caidreamh éasca torthúil eatarthu: 'Aon duine a bhíos ag bailiú uaidh ní raibh aon scáth ná eagla orm rompu – bhíos saghas mar mháistir, ach ní rabhas ach im bhuaachaill aimsire ag dul isteach go dtí Peig, an dtuigeann tú? Ach ní raibh an scéal mar sin níos déanaí, nuair a chuireamair aithne cheart ar a chéile'.⁹ De réir a chuntais féin thóg sé c. 400 mír ar fad ó bhantiarna seo an traidisiúin bhéil, le linn na 275 turas a thug sé uirthi agus é i mbun bailiúcháin (CBÉ 1045: 163–4). Tá an

cairdeas a snadhmaidh eatarthu le brath go follasach ar an iontráil ina chín lae ag trácht ar a thuras deireanach uirthi (30 Deireadh Fómhair 1951), dhá lá sular éirigh sé as a phost mar bhailitheoir:

D'fhágas slán ag Peig. Rug sí ar láimh orm agus phóg sí go dúthrachtach mo lámh agus do tháinig cread intí agus do ghoil sí. 'Tá oiread uaignis orm id diaidh, a Joe,' ar sise, 'agus a bhí i ndiaidh éinne clainne liom.' Ní fhéad sí a thuilleadh a rá ansan, agus ní fhéadas fén focal a rá ach a lámh a dh'fháscadh. Cá mbuailfidh leithéid Pheig Séars mar chuideachta liom? (CBÉ 1292: 617–8).

87

B'fhurasata do Joe aghaidh a thabhairt ar sheanchaithe a bhí i mbéal an dorais aige mar go dtaithíodh sé fén an bhothántaiocht agus é níos óige, agus bhíodh cuid acu siúd ag cuartaíocht ina thigh fén leis. Ní sa bhaile amháin, áfach, a bhí sé ar a shuaimhneas le daoine, ach pé áit a thugadh a ghnó é. Fear scópúil cuideachtúil meabhrach ab ea é a raibh an-acmhainn grinn ann, agus is léir óna chín lae – ba chuid dá dhualgais a leithéid a choimeád – an taitneamh a bhaineadh sé as bualadh le daoine agus a chumas ócайд phléisiúrtha a dhéanamh dá sheisiúin bhailiúcháin. Bhí sé foighneach cúirtéiseach tuisceanach: 'Ba bhreá liom í a thachtnadh [bean a bhí ag cur as do fhear óna raibh sé ag tógaint amhráin] ach níor ligeas aon ní orm' (CBÉ 942: 170); agus ba nós leis dornán milseán a thabhairt go tigh a mbeadh leanáin ann, agus braonín dí a thabhairt go dtí an seanduine: 'Ní dhéanfadh sé an gnó dul isteach go seanduine bocht críonna gan braon éigin a thabhairt chuige' (CBÉ 363: 155). Thugadh sé málín snooise go dtí an tseanbhean ar uaire agus dheineadh a chuid faisnéiseoirí an-bhuanúil air, ag iarraidh air teachtaireacthaí beaga a thabhairt chucu – file gluaisteáin (mar leigheas ar dhaitheacha) nó lansaí rásúir, mar shampla. Bhí sé fén an-eolach ar an ábhar a bhí á fhiosrú aige agus tuiscint aige don bhfiúntas a bhain leis. Ba léir sin dá fhaisnéiseoirí agus ba mhóide a meas air, agus ba chúnamh dó an cur amach a bhí aige ar an mbéaloideas chun teacht slán, mar a deireann sé fén, ón táistil a dheineadh cuid acu air ó am go chéile (CBÉ 583: 325).



Is le fearas taifeadta eideafóin a sholáthraigh an Coimisiún dó, a thóg Joe cuid mhaith den ábhar óna fhaisnéiseoirí. Bhí os cionn trí chloch meáchan san eideafón agus lean dua nár bheag é féin agus na fiteáin a bhain leis a iompar agus a láimhseáil. Ní raibh Joe ábalta a ghluaisteán a chur ar an mbóthar cuid mhór de bhlianta an Dara Cogadh, agus is ar rothar (nó uaireanta i gcairt póiní) ab éigean dó an trealamh seo a astriú ó ait go chéile. Ní i gcónaí, áfach, a bhí bóthar réidh a thabharfadhl go dtí an tigh ar a raibh a thriall é, agus ansin bhíodh air féin (nó compánach) an t-eideafón a chur i bpaca ar a dhrom, rud a spreag sáiteán ghreannmhara faoi é bheith imithe sna bacraig (CBÉ 362: 55). Thugadh leanáí ‘fear an mheaisín’ air (CBÉ 422: 22) agus ba mhór an t-ábhar iontais ag daoine an t-eideafón: ‘Uair amháin bhí an-iontas á dhéanamh don meaisín. Dúirt Peats: “Dhéanfaidís aon ní ach anam a chur sa duine, ach choimeád Dia an méid sin uathu” (CBÉ 422: 201); ‘D’imigh sí sall don chúinne arís agus í ag déanamh iontais don meaisín agus don té a dhein é, agus ag breith buíochais le Dia’ (CBÉ 422: 280).

Siar sa tráthnóna ba gnách leis aghaidh a thabhairt ar a chuid fainseoirí, agus ba mhinic a thugadh sé faraís seanchaí maith nó duine muinteartha don té a raibh sé ag triall air. Bhí sé thar a bheith dícheallach i mbun a chuid dualgas, ionas nár bh annamh tar éis obair na seachtaine, leas á bhaint aige as suaimhneas an Domhnaigh chun tuilleadh bailithe a dhéanamh nó dul ag trascriobh an ábhair a bhí tógtha aige ar an eideafón: ‘Is ait leis na daoine anseo mé a d’fheiscint ag obair lá saoire (CBÉ 363: 153–4).

Ag ballú i gCúl na Sráine, Co. Phort Láirge. Seán Daltún, Séamus Ó Duilearga, Seosamh Ó Dálaigh, Micheál Ó Domhnaill. Grianghraif: Caoimhín Ó Danachair, 1948

comisiún béaloidseasa Éireann

contae.....	<i>Ciarraige</i>	barúntacht	<i>Cosca Dubhe</i>
paróiste.....	<i>Dún Cúinns</i>		
Ainn an Spíosnópa.....	<i>Seosamh Ó Dálaigh</i>		
Seolad an Spíosnópa.....	<i>basha bionáise, Dún Cúinns,</i>		
	<i>Damhsailean Ní Chiste</i>		
Do rianóbar ríor an.....	<i>2 - láirne</i>	ro ap an.....	<i>21/6/40.</i>
o béal-airgead.....	<i>Peig Beam Ní Súinín</i>		
aoir.....	<i>69.</i>	gairm-beata.....	<i>Beam - lascaine</i>
i mbaithe peapáinn.....	<i>Am bloscáinid mór</i>		atá in a comhui
agur a pholainn.....	<i>Am bloscáinid mór</i>		
Do chuala pé (ri) an.....	<i>2 - láirne</i>	ro.....	<i>so minic ó ne h-áraise</i>
			<i>blian ó fin o.....</i>
Tomás Seána.....	(aoir an uair sin.....)	a bhi in a comhui an uair sin	
i mbascáil bionáise.....			

[In carabuncle.]

bí persomhír ann & bí aon migean ainníne aige, bí se díarsca
 chom si roga is, & bí an migean móré le buíochadh & gan aige
 sí a chuireadh gérgea air cártaí sí leis an t-áil do'n ariamh. Bí an
 t-áil aon & bí an t-áirgead ré mar beal sí a téanam
 cleamhais le feas eile & cuadar sí é.

Síams, ar sise, "ní h-aois inairí duine a bheil díarsca fíor
 a dhíphil dom sa maoz rú feas beasraide agam-sa dús &
 ní liag aon feas eile agam go deó ai é."

Ba mhór ag cuid de na faisnéiseoirí féin na scéalta agus an seanchas a bhí acu, agus is iomaí sin cur síos i gcín lae Joe ar iad féin (nó a nduine muinteartha) ag tabhairt cuireadh dó teacht chucu. Bhí faisnéiseoirí eile ann, áfach, a bhí righin go maith, ach bhí Joe breá oilte ar iad sin a láimhseáil freisin: ‘Chuireas ceist uirthi faoi rud go raibh a fhios agam go maith go raibh eolas aici air, agus thug san misneach dí’ (CBÉ 583: 163); ‘Thógas amhráin Bhéarla ó Sheán a fuair sé as páipéar, féachaint an bhféadfainn é a mhealladh chun a thuilleadh a rá’ (CBÉ 422: 85). Bhíodh air siúl ar uibhe fia babhtaí nuair a thagadh teannas nó éad chun cinn idir scéalaithe, agus tráchtann sé conas mar b’éigean dó bheith ag tláithínteacht le fear a raibh pus air toisc gur chuala sé gur mhol Joe go hard scéalta duine eile: ‘Níl le déanamh leis ach ar nós an linbh, a bheith á mholadh’ (CBÉ 362:19).

Shamhlaigh sé féin le hiascaireacht a chuid bailiúcháin: ‘Lá Domhnaigh agus Domhnach breá scuabach. Fuaireas mo ghluaisteán agus sé fiteán agus an t-eideafón agus dúrt liom féin go dtabharfainn turas ar Pharóiste Mórach. Ní rabhas beartaithe ar dhul go dtí éinneach dul sa seans fé mar a rachadh aon iascaire’ (CBÉ 499: 365). Tá iontrálacha mar ‘ní rabhas ag déanamh puinn seilge’ (CBÉ 583: 286), agus ‘gan aon tseilg déanta’ (CBÉ 726: 258), aige ag trácht ar ócáidí nár tháinig morán seanchais ina threo. Ag leanúint leis an meafar sin, d’fhéadfaí a rá gurbh é leabhrán *Láimh-Leabhar Béaloideas* Sheáin Uí Shúilleabhaín (a foilsíodh níos déanaí mar *A Handbook of Irish Folklore* in 1942), an dubhán a dtéadh sé ina leith go rialta chun breac a thógaint. Tá a lán tagairtí ina chín lae d’úsáid an láimhleabhair agus is de bharr na dtreoracha ann a leanúint go mion, a d’éisigh leis bailiúchán chomh cuimsitheach sin de bhéaloideas Pheig a thaifeadadh.

Chuir Joe dua mór air féin trascriobh cruinn beacht dá ábhar a sholáthar, agus nuair ba ghá, théadh sé ar ais go faisnéiseoirí chun an trascriobh a chinntí leo. Bhí an trascriobh a dhein sé ar ábhar an 160 fiteán a thóg Robin Flower ó Pheig (700 Ich) ar cheann dá mhóréachta i réimse an bhéaloidis, gnó nach móide a d’éireodh leis sin a dhéanamh go críochnúil murach go raibh deis aige na fadhbannna a réiteach le cúnamh Pheig féin.⁴

Tá an bailiúchán a dhein sé ó Pheig féin ar cheann eile dá éachta, agus is é firinne an scéil é go mbeidh léann an bhéaloidis faoi chomaoin go deo aige as a dhúthracht ag breacadh c. 60,000 Ich ag tuairisciú seánraí éagsúla den ealaín bhéil agus réimsí fairsinge de sheantuiscentí agus den saol traidisiúnta. Tugadh aitheantas dá ghaisce nuair a bhronn Ollscoil na hÉireann céim Dochúra sa Dlí *honoris causa* air i gColáiste na hOllscoile Corcaigh i 1986. Bronnadh ballraíocht onórach sa Chumann le Béaloideas Éireann air i 1987, agus is iomaí sin scoláire a d’admhaigh a gcomaoin air, ach ar ndóigh dhein sé cúram faoi leith dóibh siúd a stiúraigh feidhmeannaigh an Choimisiúin air. Thug Raidió na Gaeltachta cuireadh dó clár seachtainiúil faoi chúrsaí seanchais, ‘Cúinne Joe Daly’, a chur i láthair, rud a dhein sé go máistriúil ó 1977–1989.

kabairg ijm.

[báid breagán.]

Dmeai páisú báid bieaga le billeóig dufroskum.

γ le dealg scíre.

bíon cnám isug,

lás na billeóige

γ sraonáis an

billeóig ar zai raob

soin mbylleóig ramallún.

Dubhalusós an daí noban

ar zai raob soin zcánim

ansan γ curridís éas

na céile zo h-aucht iad

beiridís sa bárra na

billeóige ansan γ líbaidís

i buri í γ curridís a

bárra síos msá lúib


γ curridís dealg scíre

marz raramge a cneád

ansan . curridís a snám

ar luig i sw γ mark

a biekeai le luigine zaoríe



Bhí spéis mhór ag Joe sa Ghaeilge agus an-bhá aige léi. Bhí cóipleabhar ar leith aige agus é i mbun bailiúcháin ina scríobhadh sé focail agus titimeacha cainte Gaeilge. Sholáthraigh sé liosta focal don *English-Irish Dictionary* (de Bhaldraithe) agus 10,000 mír do chartlann na gcanúintí sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, agus thug tamall (1963–4) ar fhoireann fhoclóir Gaeilge-Béarla Acadamh Ríoga na hÉireann. Dúirt sé féin gurb é an rud is mó a d'fhoghlaim sé ina thréimhse mar bhailitheoir ná breis cumais sa teanga⁶ agus b'fhíor mar ráiteas é, go raibh a dhúil sa bhéaloideas fite fuaité lena dhúil sa teanga.⁷ Ach pé gaisce a chuir Seosamh Ó Dálaigh i geríoch, is cinnte nach é féin a bheadh á mhaíomh mar bhain uaisleacht na húirisle i gcónaí leis:

Ní rabhas ach im uirlis ag na daoine a scríobhas uathu as Béarla agus as Gaeilge. B'iadsan a bhí ag caint. B'iad san a d'fhág an oidhreacht againn. Is dóibh san atá an onóir ag dul, agus ní hiad san amháin ach a gclann, a bhí foighneach tuisceanach liom, fad a bhíos sa tigh.⁷

Is saibhre é oidhreacht chultúrtha na tíre de bharr ar thug Joe leis as na tithe ar shiúl sé orthu.

Seosamh Ó Dálaigh (better known as Joe Daly), was particularly well suited to his role as a collector with the Irish Folklore Commission as he had grown up in a traditional Irish-speaking community in West Kerry, where his father had shown a keen interest in the oral tradition of the locality. Though qualified as a primary teacher, his interest in people, sense of humour, affable disposition, quick mind and interest in folklore, all ensured that he was completely at ease in his role as collector, and with time, he became an accomplished master of his craft. He devoted himself tirelessly to this work from 1936 to 1951, operating in various parts of Munster, with the main focus of his collecting on West Kerry. There he developed a very close relationship with Peig Sayers, from whom he recorded a truly remarkable body of lore, outstanding both in content and style. Joe being a full-time collector was obliged to keep a diary, and his entries offer fascinating insights into the context and aesthetics of storytelling, and also into aspects of the social life of the period.

Nótaí

- 1 Almqvist, B., 'In Memoriam: Seosamh Ó Dálaigh', in *Béaloideas* 60–1 (1992–3), 295–300.
- 2 Tyers, P., *Abair Leat: Seosamh Ó Dálaigh ag caint le Pádraig Tyers*, An Daingean, 1999, 13.
- 3 Almqvist, B., 'Bailiúchán Sheosaimh Uí Dhálaigh ó Pheig Sayers', in M. Mac Craith agus P. Ó Héalaí (eag.), *Diasa Diograise. Aistí i gcuimhne ar Mháirtín Ó Briain*, Indreabhán, 2009, 32–4.
- 4 Féach Almqvist, 2009, Almqvist B., agus Ó Héalaí P., 'Reámhrá', in *Labharfad le Cách*, Dublin, 2009, 8–58
- 5 Tyers 1999, 91.
- 6 Almqvist 1992–3, 297.
- 7 Ó Dúshláine, M., 'An Baol Dom Tú? Muintir Chorca Dhuibhne agus an Ghaeilge 1860–1940', Baile Átha Cliath, 2000, 251.

93

Pádraig ó Héalaí. Is iarléachtóir i Scoil na Gaeilge, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh é Pádraig ó Héalaí. Béaloideas na tíre seo a shainréimse léinn, agus tá foilseacháin iomadúla aige ar ghnéithe éagsúla den ábhar sin. Tá spéis faoi leith curtha aige i scéalta cráifeacha, in oidhreacht an Bhlascaoid agus i dtraidisiún faoin osnádúr. Is iareagarthóir é ar an iris *Béaloideas*, agus is é *Peig Sayers: Labharfad le Cách/I Will Speak to You All*, i gcomhar le Bo Almqvist, an foilseachán is deireanaí uайдh.

